



Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAP) Snáithe 1 agus Snáithe 1a

Ceisteanna Coitianta (CCanna), Leagan 1 (07/02/2024)

C1: An bhfuil mo thionscadal incháilithe má theastaíonn cead pleanála (nó ceadanna rialála eile) uaidh?

Ceanglaítear ar iarratasóirí a chinntiú go bhfuil na ceadanna agus na toilithe pleanála agus rialála riachtanacha go léir i bhfeidhm ag a dtionscadal sula ndéantar a n-iarratas. Tá sé de dhualgas ar an iarratasóir a chinntiú go bhfuil machnamh dóthanach déanta ar na ceisteanna sin ag a dtionscadal. Ní bhíonn tionscadail a dteastaíonn cead pleanála uathu incháilithe chun maoiniú a fháil ach amháin má tá an cead seo i bhfeidhm ag an bpointe a chuirtear isteach é. Ní mheasfar tionscadail a bheith incháilithe chun maoiniú a fháil mura gcomhlíontar an critéar seo.

C2: An gá do m'eagraíocht phobail úinéireacht a bheith acu ar an talamh/foirgneamh a ndéanfar mo thionscadal a sheachadadh air/ann?

Sa chás go seachadfar tionscadal ó láithreán/foirgneamh(foirgnimh)/ spás urláir nach bhfuil faoi úinéireacht an Údarás Áitiúil, caithfidh sé a bheith faoi úinéireacht eagraíocht chomhpháirtíochta an Údarás Áitiúil nó caithfidh léas cúig bliana ar a laghad a bheith ag ceachtar páirtí ó dháta críochnaithe an tionscadail. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh ní mór comhaontú i scríbhinn a bheith ann le húnéir an tsuímh chun rochtain ar an suíomh a chumasú ar mhaithe leis an bpobal ar feadh tréimhse cúig bliana.

Más leis an Údarás Áitiúil (Comhairle Contae Chorcaí) an t-áitreabh/talamh, ceanglaítear ar an iarratasóir deimhniú i scríbhinn a chur isteach ón gCeantar Bardasach ábhartha go bhfuil toiliú acu an tionscadal a sheachadadh ar an áitreabh/talamh. Ba chóir é seo a chur san áireamh ag céim an iarratais.

C3: Cén cáipéisíocht a cheanglaítear orm a chur isteach maidir le costais tionscadail?

Ceanglaítear ar iarratasóirí trí luachan ar a laghad a chur san áireamh le haghaidh aon cheannacháin earraí, seirbhísí nó oibreacha don tionscadal. Féadfar aon luachana soláthróra breise a chur i gceangaltán ar leithligh. Ba cheart go mbeadh luachana infheidhme maidir le cathain a bheidh an tionscadal le tosú (i.e., ní roimh R3 2024), agus aon mhéaduithe ar chostais atá beartaithe a chur san áireamh. Ba cheart d'iarratasóirí machnamh a dhéanamh ar sholáthar glas, nuair is féidir. I gcás nach bhfuil 3 luachan le haghaidh táirge/seirbhíse ar leith indéanta nó ródhian i gcás iliomad comhpháirteanna tionscadail, féadfar an ceanglas le haghaidh 3 luachan in aghaidh na míre a tharscaoileadh agus féadfar meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas ar na luachana atá ar fáil. Ba cheart fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil a léiríonn iarrachtaí a rinneadh 3 luachan a fháil nuair is féidir. Moltar don iarratasóir dul i gcomhairle lena nOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide sula gcuirfidh siad a n-iarratas isteach. Ní mór do Chomhairle Contae Chorcaí a bheith sásta gurb ionann an t-iarratas agus luach ar airgead agus go ndeachaigh an t-iarratasóir i dteagmháil le soláthraithe chun a dtogra a fhorbairt.

C4: Nuair a ghineann tionscadal pobail fotháirge ar féidir leis a bheith ag giniúint ioncaim, an bhfuil sé incháilithe?

Níl tionscadail a ghineann ioncam incháilithe chun maoiniú a fháil. Mar sin féin, is féidir le tionscadail ina ngintear fotháirge a bheith incháilithe, fad is atá cuspóirí an **Chláir um Ghníomhú ar son na hAeráide**



Pobail á gcomhlíonadh, bíodh go gcaithfeadh an t-iaratasóir a léiriú conas a dhéanfar an t-ioncam ón bhfotháirge sin a athinfheistiú ar ais isteach sa ghrúpa/tionscadal pobail. Ní mór don mhalartú a bheith réasúnta agus gan a bheith iomarcach agus ina fhotháirge nádúrtha/riachtanach de chuid an tionscadail.

C5: An bhfuil ceannach feithiclí leictreacha (EVanna) ina chostas incháilithe?

Níl, ní chumhdaítear ceannach feithiclí leictreacha faoin gClár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAP). Meastar, áfach, gur caiteachas incháilithe é stáisiúin/pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil. Moltar go molfaí é seo mar chuid de thionscadal gníomhaithe ar son na haeráide áitiúil níos leithne agus níos iomlánaíche.

C6: Cén cineál tionscadal atá incháilithe chun maoiniú a fháil mar chuid den Chlár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAP)?

Díríonn an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide (CCAP) ar chumhacht a thabhairt do phobail, idir bheag agus mhór, tuaithe agus uirbeach, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus pobail ísealcharbóin a thógáil ar bhealach meáite agus struchtúrtha. Tacaíonn an CCAP le tionscadail a thugann aghaidh ar cheann amháin ar a laghad de na cúig théama clár: baile (pobal) / fuinneamh; taisteal; bia agus dramháil; siopadóireacht agus athchúrsáil, agus; gníomhú áitiúil ar son na haeráide agus an chomhshaoil. Ceanglaítear ar gach tionscadal aghaidh a thabhairt ar cheann amháin ar a laghad de na téamaí seo; moltar, áfach, go bhféachann tionscadail le roinnt téamaí tionscadail a mheas agus togra a thógáil a sholáthraíonn tionscadal áitiúil iomlánaíoch um ghníomhú ar son na haeráide. Ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an t-iaratasóir na riachtanais incháilitheachta, déanfar tionscadail a mheasúnú ar bhonn cás ar chás, de réir na gceanglas atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

C7: An féidir le tionscadal mór maoiniú ón g Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhcheangal le maoiniú malartach ón Rialtas má dhéantar é a bhriseadh síos ina chomhpháirteanna?

Chaithfí measúnú aonair a dhéanamh ar an gcomhpháirt agus an fód a sheasamh suas ar a bhuanna féin, gan an cistiú malartach a áireamh, i gcoinne chritéir incháilitheachta, chuspóirí agus théamaí an chláir. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin nach féidir dúbláil cistí a bheith ann. Ní mór a léiriú go soiléir gur féidir an chomhpháirt/na comhpháirteanna aonair a chur chun cinn chun cuspóirí an Chláir Chomhphobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh gan a bheith faoi réir sheachadadh an tionscadail níos mó ná mar a chuirtear i mbaol é.

C8: An bhfuil Comhpháirtíochtaí/cuibhreannais incháilithe faoi Shraith 1? Mar shampla, tá níos mó ná pobal amháin páirteach sa tionscadal.

Ceadaítear comhpháirtíocht, ach ní mór dóibh a bheith i ndlínse an Údarais Áitiúil, cé is moite de Shraith 1a. Níor cheart aon dhúbláil a cheadú, ní ligfeadh sé sin dóibh a gcuid maoinithe a iolrú. Chaithfí príomhpháirtí a shainaithint.

C9: An bhfuil cíos agus costais socraithe ina chostas incháilithe?

Ní féidir, ní costas incháilithe é cíos/léasú.



C10: An féidir le pobail aisíocaíocht a fháil as measúnuithe a rinneadh le linn na tréimhse iarratais (má roghnaítear iad) mar shampla iniúchtaí fuinnimh?

Ní féidir, níl maoiniú ar fáil ach do chostais a thabhaítear tar éis roghnú an tionscadail.

****Tabhair faoi deara: Tá freagraí ar na Ceisteanna Coitianta bunaithe ar threoir arna soláthar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). D'fhéadfadh athrú teacht ar na freagraí seo****